



Foilsiú na Tuarascála agus na gCuntas Bliantúil 2018

18 Meán Fómhair 2019

Foilsíodh Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla an Bhoird Pleanála 2018 inniu.

Bliain ghnóthach eile a bhí ann don Bhord. Cinneadh os cionn 2,800 cas agus bhí méadú mór ar líon na gcásanna Forbartha Straitéisí Tithíochta a cinneadh ó cheann ceann 2018, rud a léirigh treochtaí ginearálta de mhéadú ar fhoirgníocht chónaithe agus ar ghníomhaíocht pleanála agus an geilleagar ag teacht chuige féin arís. Thionóil an Bord 940 cruinniú in 2018 chun na cásanna seo a bhreithniú, a phlé agus a chinneadh.

Cloch mhíle thábhachtach ab ea foilsíú an Chreata Náisiúnta Pleanála go luath in 2018 ó thaobh infheistíocht pleanála agus bonneagair a shainaithint agus tús áite a thabhairt di chun forbairt agus fás sna háiteanna cearta as seo amach a mhúnlú agus a threóú, le tacú ó bheartais chomhordaithe réigiúnacha agus áitiúla. Beidh ról tábhachtach ag an mBord ó thaobh na beartais sin a chur i bhfeidhm agus tús áite a thabhairt do bhreithniú ar thograí bonneagair straitéisigh.

Cásobair agus Feidhmíocht Pleanála

In 2018, leanadh den treocht aníos i líon na gcásanna pleanála a fuarthas agus a cuireadh de lámh. Bhí 16% de mhéadú ar líon na gcásanna a fuarthas, go 2,734 ó 2,570 in 2017, ach mhéadaigh líon na gcásanna a cinneadh in 2018 (2,847) 32% de léim ar an 2,143 a cinneadh in 2017.

Beag beann ar an méadú ar tháirgiúlacht, thit ár ráta comhlíonta i gcás na spriocthréimhsí reachtúla go 40% i gcomparáid le blianta roimhe sin, i ngeall go

príomha ar thionchar an aistrithe chuig córais nua Plean-IT agus ar mhéadú ar líon na gcásanna.

Mar sin féin, tar éis acmhainní a dhírú ar na cásanna achomhairc sin ab fhaide a bhí leis an mBord Pleanála le cinntiú go gcuirfí de lámh iad a luaithe is féidir, rud a rinne difear don ráta iomlán comhlíonta, d'éirigh linn, sna chéad ocht mí de 2019, riaráiste suntasach de na seanchásanna a chur de lámh, agus an ráta iomlán comhlíonta do chásanna achomhairc a mhéadú go 66% faoi dheireadh Lúnasa. Go deimhin, ba é 76% an meánráta comhlíonta idir Bealtaine agus Lúnasa, agus táimid ag súil leis an ráta sin a choimeád go deireadh na bliana. Díol suntais is ea é a laghad seachtainí ar an meán a thógann sé anois cásanna achomhairc a chur de lámh, is é sin 19.5 seachtaine i gcomparáid le 23.3 ar an meán bliain ó shin.

Mhéadaigh líon na gcásanna a fuarthas in 2019. Fuarthas 1,965 chás nua suas go deireadh Lúnasa 2019, arb ionann é agus 5% de mhéadú ar an tréimhse chéanna in 2018. Ina theannta sin, cuireadh 2,050 cás de lámh sa tréimhse ocht mí sin i mbliana (méadú de 20% ar an 1,701 cás sa tréimhse chéanna in 2018).

Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta

Ba é 2018 an chéad bhliain iomlán inar mhaoirsigh an Bord an próiseas d'Fhorbairtí Straitéiseachta Tithíochta, faoina gcuirtear tograí forbartha maidir le 100+ aonad tithíochta agus 200+ spás leapa do mhic léinn go díreach faoi bhráid an Bhoird Pleanála lena gcinneadh laistigh de spriochtréimhse reachtúil 16 seachtaine. Le linn 2018, fuair an Bord 44 togra FST agus cuireadh de lámh iad uile laistigh den spriochtréimhse 16 seachtaine, i gcomparáid leis an 13 chás a fuarthas sna sé mhí dheiridh de 2017, nuair a tháinig an reachtaíocht chumasúcháin i bhfeidhm. San iomlán, tugadh cead in 2018 do 7,100 aonad tithíochta agus do 4,500 spás leapa do mhic léinn, nach mór.

Go dtí seo in 2019, tá méadú suntasach ar líon na gcásanna FST, i bhfoirm 66 togra bailí a fuarthas roimh dheireadh Lúnasa (suas ó 39 sa tréimhse chéanna anuraidh)

agus sa tréimhse ocht mí chéanna, chinn an Bord 52 chás, i gcomparáid le 25 chás in 2018. Idir 1 Eanáir 2019 agus 31 Lúnasa 2019, ceadaíodh 16,172 aonad tithíochta agus 7,573 spás leapa do mhic léinn.

Meastar go ndéanfar líon mór iarratas ar FST sna míonna atá romhainn. Tá os cionn 100 comhairliúchán réamhiarratais tugtha chun críche cheana féin in 2019, agus dealraíonn sé go bhfaighfear iarratais eile a bheidh le próiseáil sna míonna atá romhainn.

Cásanna d'Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh

Bliain ghnóthach eile ab ea 2018 maidir le tograí d'fhorbairt bonneagair straitéisigh a phróiseáil, ó údarais áitiúla, ó fhorbróirí príobháideacha agus ó ghealltóirí reachtúla. Fuarthas 91 cásanna san iomlán agus cuireadh 71 díobh de lámh anuraidh, arb ionann é agus méadú suntasach ar na 64 agus 55 cásanna faoi seach in 2017.

Plean Straitéiseach 2018-2023

D'fhoilsigh an Bord Pleanála a Phlean Straitéiseach cúig bliana 2018-2023 i Lúnasa 2018, inar aithníodh agus inar daingníodh ról criticiúil na heagraíochta ó thaobh achomhairc phleanála agus mórtograí tithíochta agus bonneagair a bhreithniú agus a chinneadh a éifeachtaí is féidir. Ag éirí as na tosaíochtaí agus na gealltanais atá i gceist inár gceithre Sprioc, atá á gcur i bhfeidhm trí Phleananna Bliantúla Seachadta, le gníomhaíochtaí sonracha, intomhaiste agus laistigh de spriocanna ama, d'ullmhaigh an Bord Plean Fórsa Oibre le haghaidh 2019-2020, atá ceadaithe ag an Aire, le cinntiú go mbeidh dóthain acmhainní agus na scileanna riachtanacha againn chun ár sainordú reachtúil a chomhlíonadh.

Córais Nua TF

Tar éis córas nua bainistíocht cásanna an Bhoird (Plean-IT) a thabhairt isteach i nDeireadh Fómhair 2017, rinneadh dul chun cinn in 2018 ó thaobh an córas nua a chur ar fáil agus a fhorbairt tuilleadh le breisithe eile faoi choinne áis deiridh trína mbeifear in ann iarratais, achomhairc agus aighneachtaí a chur isteach ar líne, a

bheidh nasctha le tionscnamh ríomhpleanála na n-údarás áitiúil féin. Tá an Bord i mbun oibre cheana féin ar shuíomh gréasáin nua chun go mbeidh sé níos fusa eolas a fháil. Tá tairseach gréasáin á fhorbairt le bheith ar fáil beo in 2020.

Gheofar Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Pleanála ag [anseo](#).

CRÍOCH

18/09/2019